Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council

Comhairle Contae

Dhún na nGall

Lámhleabhar do Thionóntaí

2016

Clár ábhair

Intreoir 3

1: Do Thionóntacht..... 4

2: Do Chíos 9

3: Ag Amharc i ndiaidh Do Bhaile 14

4: Do Phobal..... 32

5: Do Shábháilteacht 35

6: Scéimeanna a Chuideoidh Leat do Bhaile a Cheannach..... 37

7: Cad é mar a Thig Leat Dul i dTeagmháil Linn?..... 39

Intreoir

Nuair a fhaigheann tú do bhaile amach ar cíos ó Chomhairle Contae Dhún na nGall, déantar tionónta Comhairle díot. Sula mbogfaidh tú isteach, caithfidh tú **comhaontú tionóntachta** a shíniú. Tá téarmaí do thionóntachta liostaithe sa chomhaontú agus is conradh dleathach atá ann idir tú agus muid.

Tugtar breac-chuntas sa lámhleabhar seo orthu seo a leanas:

- ár bhfreagrachtaí mar Chomhairle Contae Dhún na nGall;
- do fhreagrachtaí mar thionónta, agus:
- do chearta mar thionónta Comhairle.

Cuideoidh an lámhleabhar seo leat do chomhaontú tionóntachta a thuigbheáil. Léigh go cúramach é agus coinnigh in áit shábháilte é le do chóip féin de do chomhaontú tionóntachta.

Tá na cearta céanna ag do chomharsana agus tá na freagrachtaí céanna orthu. Baineann do fhreagrachtaí leat féin, le do chairde agus do ghaolta agus le haon duine eile a thugann cuairt ar do bhaile, do pháiste/pháistí san áireamh.

Má tá aon chuid den lámhleabhar seo a shíleann tú a d'fhéadfaí a fheabhsú, gabh i dteagmháil linn le do thoil. Is mian linn do thuairimí a chluinstin.

Le dul i dteagmháil linn, scairt orainn ag (074) 915 3900 nó scríobh chuig an Rannóg Tithíochta i d'Ionad Seirbhísí Pobail áitiúil.

Má theastaíonn aon eolas eile uait faoinár seirbhísí, buail isteach chuig d'Ionad Seirbhísí Pobail áitiúil. Sna hionaid seo, gheobhaidh tú cuidiú le bileoga, leabhráin agus fógraí faoinár seirbhísí.

1: Do Thionóntacht

Ceisteanna Coitianta

Cad iad na móroibleagáidí atá orm mar thionónta?

- Is é do bhaile Comhairle an t-aon bhaile a bheas agat. Caithfidh tú gan cónaí a dhéanamh in aon áit eile ag an am céanna.
- Caithfidh tú gan stopadh de bheith i do chónaí i do bhaile ar feadh achair is faide ná sé seachtainí in aon tréimhse 52 seachtain gan ár gcead a fháil ar dtús.
- Caithfidh tú gan úsáid a bhaint as an teach, as an ghairdín ná as an tseid ar mhaithe le gnó.
- Níl cead agat ligean do dhuine eile cónaí i do bhaile i d'ionad gan ár gcead.
- Más mian leat bogadh amach as do bhaile Comhairle, caithfidh tú scríobh chugainn ar a laghad ceithre seachtainí sula mbogfaidh tú amach. Sula bhfágfaidh tú, caithfidh tú do rudaí uilig a thógáil amach, an teach a ghlanadh, an gairdín a réiteach, do chuid dramhaíola uilig a thógáil amach agus bheith cinnte go bhfuil bail mhaith ar an teach.
- Caithfidh tú cíos, táillí cuideachta bhainistíochta agus táillí eile a nglacann tú leo nuair a shíníonn tú do chomhaontú tionóntachta, a íoc.
- Caithfidh tú bail mhaith a choinneáil ar an taobh istigh agus ar an taobh amuigh de do bhaile. Ciallaíonn sé seo go gcaithfidh tú é a ghlanadh, a phéinteáil agus a dheisiú go rialta.
- Caithfidh tú bail mhaith a choinneáil ar do ghairdín. Caithfidh tú an féar a ghearradh go rialta.
- Caithfidh tú do chuid dramhaíola a thógáil ar shiúl go rialta trí bhailitheoir dramhaíola a bhfuil ceadúnas aige nó trí ábhar in-athchúrsáilte a thabhairt chuig ionad athchúrsála.

- Má thagann athrú ar d'ioncam teaghlaigh nó ar chúinsí eile, caithfidh tú insint dúinn
- Caithfidh tú an Fhoirm Athbhreithnithe Cíosa a chomhlánú agus a chur ar ais gach bliain agus gach uair a athraíonn d'ioncam.
- Caithfidh tú cloí lenár bPolasaí um Iompar Frithshóisialta
- Caithfidh tú comhoibriú linn ar gach rud a bhaineann le do thionóntacht. Tá na coinníollacha seo luaite i do chomhaontú tionóntachta.

An bhfuil cead agam lóisteoirí nó fothionóntaí a thabhairt isteach?

Níl. Níl cead agat lóisteoirí ná fothionóntaí a bheith agat **murab é** go bhfuair tú cead scríofa uainne. Le cead a fháil, scríobh chuig an Rannóg Tithíochta i d'Ionad Seirbhísí Pobail áitiúil agus mínigh cad chuige ar mhaith leat lóisteoir nó fothionónta a bheith agat.

An gcaithfidh mé árachas a chur ar an teach?

Ní chaithfidh. Ní chaithfidh tú árachas a chur ar **struchtúr** do bhaile. Cuirimid árachas ar gach réadmhaoin de chuid na Comhairle in aghaidh dóiteáin agus damáiste stoirme.

An gcaithfidh mé árachas a chur ar inneachar mo bhaile?

Caithfidh. Más mian leat clúdach árachais a bheith agat ar d'áirnéis, caithfidh tú árachas inneachair a fháil. B'fhéidir gur mhaith duit árachas eile a fháil in aghaidh buirgléireachta nó damáiste mailíseach amhail loitiméireacht. Labhair le do bhróicéir árachais faoin árachas is fearr duitse.

Cad iad na rialacha i dtaca le callán agus damáiste?

Níl cead agatsa, ag do pháistí ná ag duine ar bith eile a chónaíonn i do bhaile nó a thugann cuairt air, callán ná damáiste a dhéanamh nó fadhb a chruthú do do chomharsana.

Caithfidh tú an callán a choinneáil íseal idir 9.00pm agus 8.00am.

An bhfuil cead agam peataí a bheith agam?

Tá cead agat peataí baile a choinneáil a fhad is nach mbíonn fadhb leo. I measc peataí baile tá cait, madraí agus éin teaghlaigh amhail bugragáir agus pearóidí.

Má dhéanann do pheata damáiste do do bhaile nó d'aon áit eile i d'eastát, beidh tú freagrach as an damáiste. Caithfidh tú do pheataí a cheansú agus caithfidh tú cloí le haon dlíthe a bhaineann le coinneáil peataí.

Tá rialacha breise ag baint le madraí.

- Níl cead agat madadh de phór srianta nó madadh crosphóraithe ar de phór páirteach srianta é, a choinneáil.
- Caithfidh tú ceadúnas a fháil do do mhadadh. Mura bhfuil ceadúnas agat, seans go gcaithfeá fíneáil a íoc. Thig leat ceadúnas madaidh a fháil ó oifig an phoist agus ón Chomhairle.
- Caithfidh micrilis a bheith ag do mhadadh. Mura bhfuil micrilis ag do mhadadh, seans go gcaithfeá fíneáil a íoc. Thig le do thréidlia micrilis a chur i do mhadadh.
- Níl cead agat ligean do do mhadadh spaisteoireacht thart an t-eastát gan tú.
- Caithfidh tú glanadh suas i ndiaidh do mhadra agus an dramhaíl a chur i gcanna bruscair. An dlí atá ann.

Má bhíonn madraí ag spaisteoireacht thart ar d'eastát, gabh i dteagmháil leis an mhaor madraí ag (074) 912 5159.

An bhfuil cead agam bogadh isteach i dteach eile de chuid na Comhairle?

Tá. Tá cead agat bogadh isteach i mbaile eile Comhairle i ndiaidh bheith dhá bhliain i do thionónta.

Sula dtig leat bogadh, caithfidh tú iarratas a chur isteach chugainn. Sula mbogfaidh tú, caithfidh tú cúpla coinníoll a chomhlíonadh.

- Caithfidh tú cúiseanna maithe a bheith agat le bogadh
- Caithfidh d'íocaíochtaí cíosa bheith i gcuid chothrom le dáta
- Caithfidh an bhail chéanna a bheith ar do bhaile agus a bhí nuair a bhog tú isteach. Déanfaimid cigireacht ar do bhaile lena chinntiú go bhfuil bail mhaith air.

Má tá tú i ndiaidh bheith i do thionónta le hachar ama níos lú ná dhá bhliain, ní dhéanfaimid machnamh ar iarratas ach amháin faoi chúinsí eisceachtúla.

Cuir i gcás gur mian liom bogadh amach as mo bhaile Comhairle?

Más mian leat bogadh amach as do bhaile Comhairle, **caithfidh tú scríobh chugainn ar a laghad ceithre seachtainí sular mian leat bogadh.**

Déanfaimid cigireacht ar do bhaile:

- Lena chinntiú go bhfuil bail mhaith air, agus
- Le haon deisiúchán a chaithfidh tú a dhéanamh a shainaithint

Nuair a bhogann tú amach, caithfidh tú Foirm le Deireadh a Chur le Tionóntacht a shíniú, ar ráiteas é gur thóg tú ar shiúl do rudaí uilig agus aon dramhaíl. Caithfidh tú an fhoirm seo a thabhairt dúinn nuair a thugann tú d'eochracha isteach.

Mura bhfuilimid sásta leis an bhail atá ar an teach, ní bheimid in ann é a ligean le tionónta eile. Beidh ortsa an cíos a íoc go dtí go réiteofar aon fadhb, fiú má bhog tú amach cheana féin.

Má dheanann tú damáiste do do bhaile agus mura ndeisíonn tú é nó mura n-íocann tú as na deisiúcháin, ní thig linn baile eile a sholáthar duit.

An bhfuil cead ag Comhairle Contae Dhún na nGall deireadh a chur le mo thionóntacht?

Tá. Má bhriseann tú do chomhaontú tionónta, rachaimid chun na cúirte le hOrdú Sealbhaithe a fháil. Ceadaíonn Ordú Sealbhaithe dúinn tú a chur amach as do bhaile, rud a chiallaíonn go dtabharfar ort imeacht le fórsa. Má tharlaíonn sé seo, ní thig linne baile eile a sholáthar duit.

2: Do Chíos

Cad é mar a áirítear mo chíos?

Tá do chíos bunaithe ar chóras a dtugtar an Scéim Cíosanna Difreálacha air.

Faoin Scéim Cíosanna Difreálacha, oibrímid amach leibhéal do chíosa bunaithe ar an mhéid atá ar d'acmhainn agat a íoc. Má tá ioncam íseal agat, beidh do chíos íseal. Má thagann méadú ar d'ioncam, ardófar do chíos.

Nuair a oibrímid amach do chíos, cuirimid ioncaim na mball teaghlaigh uilig san áireamh. Má tá páistí cleithiúnacha agat, laghdóimid an cíos.

Cad é mar a thig liom mo chíos a íoc?

Tá mórán dóigheanna ann le do chíos a íoc.

Modh Íocaíochta	**Mionsonraí**
Scéim um Buiséadú Teaghlaigh	Má fhaigheann tú íocaíochtaí leasa shóisialaigh, caithfidh tú do chíos a íoc tríd an Scéim um Buiséadú Teaghlaigh. Baintear do chíos go huathoibríoch amach as d'íocaíochtaí leasa shóisialaigh.
BillPay	Tá seirbhís an BillPay ar fáil i ngach oifig phoist agus ag gach PostPoint. Más mian leat BillPay a úsáid le do chíos a íoc, tabharfaimid svaidhpchárta duit le húsáid in oifig an phoist. Iarr ceann orainn le do thoil.

Buanordú, dochar díreach nó aistriú creidmheasa ó do bhanc.	Thig leat do chíos a íoc go díreach ó do chuntas bainc chuig ár gcuntas bainc féin. Más mian leat seo a dhéanamh, iarr ár sonraí bainc orainn.
Asbhaint tuarastail	Más fostaí de chuid na Comhairle Contae thú, is féidir leat iarraidh orainn do chíos a bhaint as do thuarastal.
Trí oifig airgid i d'Ionad Seirbhísí Pobail áitiúil.	Buail isteach i d'Ionad Seirbhísí Pobail áitiúil le do chíos a íoc. Má chaitheann tú do chíos a chur sa phost chuig d'Ionad Seirbhísí Pobail, cuir seic nó ordú poist. Ná cuir airgead tirim.

Cá mhinice a dhéanann an Chomhairle athbhreithniú ar mo chíos?

Déanaimid athbhreithniú ar do chíos gach bliain. Cuirfimid Foirm Athbhreithnithe Cíosa chugat a chaithfidh tú a chomhlánú agus a chur ar ais chugainn.

Cuir i gcás nár chuir mé an Fhoirm Athbhreithnithe Cíosa ar ais?

Mura gcuireann tú an fhoirm ar ais chugainn, bainfimid cíos níos airde amach. **Pianchíos** a thugtar air sin. Is é do dhualgas a chinntiú nach dtarlaíonn sé seo.

Cuir i gcás go dtig athrú ar mo chúinsí?

Caithfidh tú insint dúinn má thig athrú ar do chúinsí. Mar shampla, ba cheart duit insint dúinn:

- Má fhaigheann nó má chailleann duine den teaghlach post;
- Má thosaíonn duine den teaghlach a fháil íocaíocht leasa shóisialaigh; nó
- Má chuireann duine eile leis an líon tí nó má bhíonn breith nó bás sa teaghlach.

Má theastaíonn uait duine éigin a chur ar an tionóntacht nó duine a bhaint di, caithfidh tú dul i dteagmháil leis an Rannóg Tithíochta i d'Ionad Seirbhísí Pobail áitiúil. Cuirfidh siad comhairle ort ó thaobh rud ar bith a chaithfidh tú a chur isteach leis na hathruithe a dhéanamh.

Cuir i gcás nár inis mé don Chomhairle gur tháinig athrú ar mo chúinsí?

Mura n-insíonn tú dúinn faoi athrú ar do chúinsí agus má fhaighimid amach faoi, déanfar do chíos a athmheas agus an t-athrú a shiardhátú.

Mar shampla, má thig méadú ar d'ioncam in Eanáir agus nach mbíonn a fhios againn faoi go Meitheamh, déanfar an t-athrú a shiardhátú go hEanáir, nuair a dhéanfaimid do chíos a athmheas.

Is den tábhacht insint dúinn faoi athruithe sa dóigh is go seachnófar méaduithe siardhátaithe chuig do chuntas. Thiocfadh dó gur riaráiste cíosa a bheadh mar iarmhairt ar mhéaduithe siardhátaithe.

Cuir i gcás go bhfuil riaráiste cíosa amuigh orm?

Cuir i gcás nach bhfuil m'íocaíochtaí cíosa i gcuid chothrom le dáta?

Má tá airgead cíosa againn ort, labhair linn láithreach bonn. Pléifimid do chás leat. I roinnt cásanna, ligfimid daoibh an riaráiste a íoc thar

chúpla seachtain nó mí, má shíníonn tú comhaontú scríofa agus cloí leis.

Sa chuid is mó de na cásanna, má bhíonn ort riaráiste cíosa a íoc, beidh ort airgead éigin sa bhreis a chur leis an aisíocaíocht sheachtainiúil cíosa. Beidh ort an méid seo a aontú linn, agus beidh ort é a íoc gach seachtain go dtí go mbeidh an riaráiste go léir íoctha.

An dtabharfaidh sibh chun na cúirte mé?

Tabharfaidh. Mura gcloífidh tú leis an chomhaontú le do riaráiste cíosa a íoc, sárú tionóntachta a bheas ann agus tabharfaimid chun na cúirte thú.

Tá cásanna eile ar sáruithe tionóntachta iad. Mura dtig linn sárú tionóntachta a réiteach leat, beidh orainn tú a thabhairt chun na cúirte.

An dócha go mbainfidh sibh mo bhaile díom?

Is dócha. Má thugaimid chun na cúirte thú, iarrfaimid Ordú Seilbhe ar an bhreitheamh. Ceadaíonn Ordú Seilbhe dúinn tú a chur as seilbh ó do bhaile. Tabharfar ort imeacht.

Tá cur as seilbh pianmhar deacair. Thig leat cur as seilbh a sheachaint trí do fhreagrachtaí mar thionónta, atá leagtha amach i do chomhaontú tionóntachta, a chomhlíonadh. Tá coinneáil do chuntais chíosa i gcuid chothrom le dáta san áireamh anseo.

Má chuirtear as seilbh thú mar gheall ar shárú comhaontú tionóntachta, seans go socródh an Chomhairle agus seirbhísí eile go ndearn tú duine gan dídean díot féin. Má tharlaíonn sé seo, níl ceangal dlí orainn teach a fháil duit.

Cuir i gcás go bhfuil ceisteanna eile agam?

- Má bhíonn aon cheist agat faoi chíos gan ghlanadh, scairt ar an Rannóg Bhailithe Ioncaim ag 074 9153 900

3: Ag Amharc i ndiaidh Do Bhaile

Caithfear amharc i ndiaidh gach baile, agus ar uairibh caithfear rudaí a dheisiú nó a athsholáthar.

Cad iad freagrachtaí na Comhairle?

Mar thiarna talaimh agat, táimid freagrach as cuid den chothabháil ar an teach s'agat. Deiseoimid nó athsholáthróimid feistis a bhfuil **smolchaitheamh agus cuimilt mheasartha** orthu. Is rudaí iad seo a chaithfear a dheisiú nó a athsholáthar mar go bhfuil siad sean nó caite.

Ní dheiseoimid nó ní sholáthróimid feistis:

- Mura n-amharcfaidh tú i ndiaidh na bhfeisteas, rud is cúis le smolchaitheamh agus cuimilt
- Má tharlaíonn buirgléireacht nó aon damáiste mailíseach amhail loitiméireacht
- Má dheisíonn nó má athsholáthraíonn conraitheoir príobháideach na feistis

Gheofar tuilleadh eolais i dtaca le deisiúcháin ach na táblaí atá níos faide anonn sa chaibidil seo a léamh.

Cad iad na freagrachtaí atá orm féin?

Mar chuid den chomhaontú tionóntachta, aontaíonn tú leo seo:

- amharc ina ndiaidh seo: do bhaile, do ghairdín, do chlós agus tithe amuigh
- an cosán agus aon bhóthar nó gáitéar thart ar do theach a choinneáil saor ó bhruscar nó ó dhramhaíl; agus
- lustan a bhaint amach as do ghairdín agus an féar a ghearradh.

Gheofar tuilleadh eolais i dtaca le deisiúcháin ach na táblaí atá níos faide anonn sa chaibidil seo a léamh.

Cé atá freagrach as táillí na briogáide dóiteáin má tharlaíonn dóiteán?

Má tharlaíonn dóiteán i do bhaile, caithfidh tú táillí na briogáide dóiteáin a íoc. Ba cheart duit machnamh a dhéanamh ar na táillí seo a chur le d'árachas.

An ndéanfaidh an Chomhairle eisceacht de na rialacha faoi iarratais ar dheisiú?

Má tá sé míréasúnta nó dodhéanta agat deisiúcháin a dhéanamh a bhfuil tú freagrach astu, déanfaimid ár machnamh ar aon achainí leis na deisiúcháin sin a dhéanamh. De ghnáth, aontóimid seo a dhéanamh sna cásanna seo a leanas:

- má tá tú aosta
- má tá míchumas ort nó
- má tá cúiseanna maithe eile agat gan bheith in ann na deisiúcháin a dhéanamh tú féin.

Cad iad na sainfhreagrachtaí i dtaca le deisiúcháin?

Léiríonn na táblaí sa roinn seo na tascanna cothabhála agus deisiúcháin a gcaithfidh tú amharc ina ndiaidh i do bhaile agus na cinn a gcaithfidh an Chomhairle amharc ina ndiaidh.

Teas: breosla soladach/soirn/painéil ghréine

Tionónta	**Comhairle**

• Deisiú, cothabháil agus athsholáthar
  ○ Doirse, gloine agus hinsí
  ○ murláin
  ○ grátaí
  ○ plátaí tine, cúlteallaigh, brící tine, cordaí tine agus cré thine
  ○ séalaí
  ○ rudaí eile
	• An coire a athsholáthar
	• Sorn a athsholáthar má tá sé níos mó ná 20 bliain agus do-úsáidte
	• Sorn a athsholáthar má tá sé níos lú ná 20 bliain d'aois agus má aontaíonn tú íoc as i dtráthchodanna (thar achar ama).

Teas: cúlchoire (teallach)

Tionónta	**Comhairle**
• Gráta a athsholáthar	• An coire a athsholáthar – sa chás gurbh í an Chomhairle a shuiteáil é amháin.

Teas: olabhreoslaithe nó gásbhreoslaithe

Tionónta	**Comhairle**
• Seirbhís agus cothabháil bhliantúil orthu seo: an tanc, an líne soláthair agus an coire. • An coire a dheisiú. • An dóire a dheisiú. • Fianaise scríofa a choinneáil go ndéantar an seirbhísiú gach bliain. Fadhbanna a éiríonn as ligean don tanc breosla éirí folamh. • Raiditheoirí-aerbhaic a ghlanadh, aon sceitheadh a réiteach agus deisiúcháin. • Úsáid a bhaint as suiteálaí/conraitheoir cláraithe gáis amháin. Má bhíonn tú in amhras faoi cé atá deimhnithe, labhair linn le do thoil.	• An coire a athsholáthar • An dóire ola a athsholáthar má bhíonn an t-aonad níos mó ná 20 bliain d'aois agus do-úsáidte.
Má bhíonn sceitheadh ola ann, cuir de an líne ola ag an tanc. • Ná húsáid ach ceirisín i do dhóire ola. • Ná tóg is ná claon tancanna ola in am ar bith	

• Ná hathraigh do chóras téite. • Ná suiteáil cúlchoire ná téamh faoi thalamh.

Pluiméireacht

Tionónta	**Comhairle**
• Feistis uisce agus sláintíochta amhail cithfholcadáin agus leithris a athsholáthar, a sheirbhísiú agus a dheisiú • Damáiste do do chuid rudaí féin mar gheall ar sceitheadh nó píobáin réabtha a dheisiú • Insint don Chomhairle faoi aon obair atá déanta agat, ainm agus seoladh an phluiméara san áireamh. • Damáiste a tharla mar gheall ar athruithe neamhfhaofa.	• Píobáin atá ag sceitheadh nó atá réabtha a dheisiú • Sorcóirí uisce the nó tumthéitheoirí a athsholáthar mar gheall ar smolchaitheamh agus cuimilt
Má tharlaíonn sceitheadh uisce, cuir de do phríomhsholáthar uisce láithreach bonn. Mura dtig leat féin é a dhéanamh, iarr cuidiú ar chomharsa. De ghnáth gheobhaidh tú stopalán an phríomhsholáthair uisce faoi dhoirteal na cistine nó cóngarach do bhun an teophreasa.	
Bíodh a fhios agat cá bhfuil na buacairí agus na comhlaí sa dóigh is go dtig leat an t-uisce a chur de má bhíonn tuile ann.	

Coinníollacha siocáin agus seaca

Tionónta	**Comhairle**

• Caithfidh tú do bhaile a choinneáil te go leor le píobáin réabtha a chosc.
  ○ Fág haiste an áiléir oscailte le teas a ligean isteach san áiléar, go háirithe san oíche
  ○ Má bhíonn tú as baile, déan cinnte go dtig an teas ar go rialta nó cas de an príomhshruth uisce agus dreanáil córas na bpíobán agus an teasa.
• Deisigh damáiste do do chuid rudaí fein mar gheall ar sceitheadh nó ar phíobáin réabtha
	• Píobáin atá ag sceitheadh nó atá réabtha a dheisiú murab é gur réab siad mar nár téadh an teach mar ba chóir.

Ná déan iarracht córais théite nó coirí atá sioctha a lasadh nó a reáchtáil.	

Deisiúcháin leictreachais

Tionónta	**Comhairle**
• Aláraim thoite, theasa agus aonocsaíd charbóin a chothabháil agus na cadhnraí a athsholáthar • Insint don Chomhairle faoi aon obair chothabhála leictreachais agus ainm agus seoladh an chonraithora leictreachais a dhéanann an obair • Déan cinnte de go bhfostaíonn tú conraitheoir cláraithe leictreachais. Má bhíonn amhras ort, cuir scairt orann le seiceáil a dhéanamh faoi.	• Cigireachtaí leictreachais • Athshreangú seantithe
Má bhíonn fabhta leictreach ann, cuir de an chumhacht ag an phríomhbhosca fiúis nó scoradán. Mura dtig leat é a dhéanamh tú féin, iarr cuidiú ar chomharsa. Ní bheidh Comhairle Contae Dhún na nGall freagrach as aon obair leictreachais neamhúdaraithe ar bith ar do bhaile nó as iarmhairtí a d'éireodh dá barr	

Fuinneoga, doirse agus gloine

Tionónta	Comhairle

• Gloine bhriste a dheisiú nó a athsholáthar
• Feistis fhuinneoige agus dhorais mar iad seo a leanas a chothabháil, a dheisiú nó a athsholáthar
  ○ boscaí litreach
  ○ clící
  ○ staghanna
  ○ glais
  ○ murláin
  ○ laitseanna
  ○ hinsí
  ○ saiseanna
  ○ séalaí
• Fuinneoga agus doirse a chothabháil trí sheirbhísiú rialta ag conraitheoir cumasach
	• Fuinneoga, doirse agus frámaí dorais agus fuinneoige ar an taobh amuigh atá níos mó ná 15 bliana d'aois agus do-úsáidte a dheisiú nó a athsholáthar

Comhdhlúthú, múscán agus taisleach

Tionónta	Comhairle
• Damáiste de bharr chomhdhlúthaithe a dheisiú • Scoilteanna plástair taobh	• Ní bhaineann leo

istigh a dheisiú • Múscán agus taisleach a chosc trí ghaothrú mar is ceart na cistine, an tseomra folctha agus an tseomra níocháin • Gach seomra a théamh go sáthach • Fuinneoga a oscailt go rialta le do bhaile a aerú	
Tá bileog eolais ar an chomhdhlúthú ar fáil ag Homebond i d'Ionad Seirbhísí Pobail áitiúil (mionsonraí teagmhála ag cúl an leabhráin seo).	

Díon, simléir agus gáitéir

Tionónta	**Comhairle**
• Simléir a ghlanadh ar a laghad uair amháin sa bhliain • Gáitéir a réiteach agus a ghlanadh ar a laghad uair amháin sa bhliain • Táillí briogáid dóiteáin a íoc má bhíonn dóiteán simléir ann	• Tíleanna dín a ndéantar smolchaitheamh agus cuimilt orthu a dheisiú agus a athsholáthar • Éadáin agus tarr a athsholáthar

Péinteáil agus maisiú

Tionónta	**Comhairle**

• Amuigh agus istigh a phéinteáil, fuinneoga agus doirse adhmaid san áireamh	• Ní bhaineann leo

Draenáil agus séarachas

Tionónta	**Comhairle**
• In eastát tithíochta, an séarach ó do bhaile chuig an phríomhshéarach a chothabháil agus a sheirbhísiú • I dteach beag tuaithe, na caidéil, an tanc séarachais, an córas cóireála, an ceantar síothlúcháin agus aon séarachas eile a dheisiú agus a sheirbhísiú • A chinntiú nach ndéanann ach conraitheoirí dramhaíola ceadúnaithe an sloda a bhaint as do chóras • Fianaise scríofa ar sheirbhísiú bliantúil atá déanta agat a choinneáil	• Ní bhaineann leo

Draenáil agus séarachas (ar lean)

Tionónta	**Comhairle**

• Bí cinnte nach gcuireann tú na rudaí seo a leanas i do dhraenta ná i do thanc séarachais
  ○ ceirtíní linbh
  ○ ceirtíní griandathúcháin
  ○ bealadh
  ○ ola
  ○ pillíní sláintíocha agus súitíní
• A chinntiú go bhfuil go leor draenála i do ghairdín
	• Ní bhaineann leo

Aonaid chistine

Tionónta	**Comhairle**
• Aonaid chistine a chothabháil agus a dheisiú	• Aonaid chistine atá níos mó ná 15 bliana d'aois agus atá do-úsáidte a athsholáthar

Teorainneacha, seideanna agus gairdíní

Tionónta	Comhairle
• Seideanna breosla agus tithe amuigh a chothabháil • Fálta agus féar a ghearradh • Bail mhaith a choinneáil ar chabhsáin, ar cholbhaí, ar bhallaí agus ar gheataí	• Ní bhaineann leo

Fóntais: gás, leictreachas, guthán, uisce

Tionónta	Comhairle
• Gach bille a íoc	• Ní bhaineann leo

Cad é mar a thig liom iarratas a dhéanamh ar dheisiúcháin ar mo bhaile?

Má bhímid de dhíth le rud éigin a bhfuilimid freagrach as a dheisiú i do bhaile:

- Glaoigh orainn ag (074) 915 3900;
- Scríobh chugainn ag d'Ionad Seirbhísí Pobail áitiúil, nó;
- Comhlánaigh an fhoirm chonartha ar ár suíomh gréasáin www.donegalcoco.ie

Rachaidh ball foirne i dteagmháil leat le rochtain a shocrú ar do bhaile leis an fhadhb a scrúdú nó le an deisiúchán a dhéanamh. Bíodh a fhios

agat le do thoil go ndéanfar an deisiú de réir tosaíochta agus go socrófar é dá réir sin.

Má bhíonn riaráiste cíosa amuigh orm, an gcuirfear moill ar dheisiúcháin ar mo bhaile?

Nuair a bhímid ag leagan amach sceideal na ndeisiúchán agus na hoibre cothabhála ar thithe Comhairle, amharcaimid ar thaifead íoctha cíosa tionóntaí. Ciallaíonn sé seo gur tábhachtach agat taifead maith íoctha cíosa más maith leat muid deisiúcháin a dhéanamh go gasta.

An bhfuil cead agam athruithe a dhéanamh ar mo bhaile?

B'fhéidir gur mhaith leat do bhaile, an balla teorann nó an sconsa a fheabhsú, a athrú nó cur leo. Mar shampla, b'fhéidir gur mhaith leat seomra a chur le do bhaile nó balla teorann a athrú. Más tionónta thú i dteach ar léas fadtéarmach, **níl cead agat** athrú a chur ar do bhaile.

Tá cead ag tionóntaí eile athrú a chur ar a mbaile má chomhlíonann siad coinníollacha áirithe.

Sula dtosóidh an obair

- Scríobh chuig an Rannóg Tithíochta ag d'Ionad Seirbhísí Pobail áitiúil agus faigh a bhfaomhadh sula bhfeasóidh tú do bhaile nó sula n-athróidh tú é nó sula gcuirfidh tú leis.
- Faigh amach an dteastaíonn cead pleanála don obair. Má theastaíonn, caithfidh tú cead pleanála a iarraidh agus a fháil sula dtosóidh tú an obair.

Agus an obair ar siúl

- Ná clúdaigh dúnphoill ná pointí rochtana ar sheirbhísí eile amhail seirbhísí gutháin.

Agus an obair déanta

- Nuair a bheas an obair críochnaithe, caithfidh tú teastas a thabhairt dúinn ó ailtire nó ó innealltóir cáilithe. Scríobhfar sa teastas gur críochnaíodh an obair de réir cleachtas ceart foirgníochta agus go bhfuil sí ag teacht leis na rialacháin foirgníochta.

Cad é eile ar cheart dom bheith feasach air?

- Má bhíonn fostaithe nó conraitheorí de chuid na Comhairle ag obair i do bhaile, caithfidh tú a chinntiú go gcoinníonn gach duine, go háirithe páistí, ar shiúl ó láthair na hoibre ar mhaithe le sábháilteacht.
- Má bhíonn tú ag tochailt nó ag cur crann nó tor, bíodh a fhios agat cá bhfuil na cáblaí faoi thalamh. Bí cinnte nach ndéantar damáiste dóibh.
- Le damáiste do do dhíon a sheachaint, faigh duine gairmiúil le haeróga teilifíse agus miasa satailíte a chur in airde;
- Coinnigh silteáin agus draenacha saor ó bhruscar agus ó dhuilleoga a thit.
- Le damáiste a sheachaint san áiléar, bí cúramach agus tú ag siúl thart ann.
- Má bhíonn tú ag gabháil d'obair sa bhaile, caithfidh tú a chinntiú go leanann tú na riachtanais a bhaineann le Rialacháin um Shábhailteacht, Shláinte agus Leas san Ionad Oibre (Tógáil) (2013). Má bhíonn aon cheist agat faoi na rialacháin seo, ba cheart duit dul i dteagmháil leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ag 1890 289 389 nó www.hsa.ie

Ag bainistiú do chuid dramhaíola

Mar thionónta comhairle, tá tú freagrach as a chinntiú go dtógtar ar shiúl dramhaíl nó bruscar ó do bhaile.

Cad é mar a shocraím bailiú mo chuid dramhaíola?

Ní bhailíonn Comhairle Contae Dhún na nGall dramhaíl ná ábhar in-athchúrsáilte. Caithfidh tú bailitheoir dramhaíola príobháideach a fháil le do dhramhaíl a thógáil ar shiúl. Seans go bhfuil níos mó ná bailitheoir amháin i do cheantar.

Caithfidh do bhailitheoir dramhaíola ceadúnas bailithe dramhaíola a bheith aige. Tá sé in éadan an dlí dramhaíl a bhailiú gan é. Sula bhfostóidh tú duine éigin le do dhramhaíl a thógáil ar shiúl, déan cinnte go mbíonn ceadúnas acu.

Ba cheart duit dul i dteagmháil le do bhailitheoir dramhaíola áitiúil le fáil amach faoi na roghanna íocaíochta agus faoi tháillí.

Bíonn laethanta seasta ag bailitheoirí dramhaíola le dramhaíl a bhailiú. Roghnaigh bailitheoir dramhaíola a fhóireann duit féin.

An bhfuil cead agam páipéar nó bruscar a dhó sa chlós cúil nó sa ghairdín?

Níl.Tá sé in éadan an dlí páipéar nó bruscar a dhó i do chlós nó do ghairdín.

An bhfuil deis ann athchúrsáil a dhéanamh le mo chuid dramhaíola a laghdú?

Tá. Is iomaí rud a thig leat a athchúrsáil sna hionaid athchúrsála.

Tá ionaid athchúrsála sna háiteanna seo a leanas: Leitir Ceanainn, Carn Domhnaigh, Srath an Urláir, An Clochán Liath, Baile na nGallóglach, agus Leathaigh.

Thig leat na hábhair seoa leanas a athchúrsáil ag ionaid athchúrsála:

- Cannaí
- Cairtchlár
- Gloine
- Páipéar
- Cadhnraí
- Trealamh leictreach amhail raidiónna, citil, agus ríomhairí.
- Ola innill
- Feadáin fhluaraiseacha

- Ábhar Plaisteach
- Cartáin Tetrapak
- Adhmaid
- Earraí bána amhail cuisneoirí agus innill níocháin

Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin i gcomhair tuilleadh eolais: www.donegalcoco.ie.

An bhfuil deis agam múirín a dhéanamh de dhramhbhia agus de dhramhaíl ghairdín sa bhaile?

Is féidir múirín a dhéanamh den chuid is mó den dramhbhia agus den dramhaíl ghairdín sa bhaile. Laghdaíonn déanamh múirín méid na dramhaíola a gcaithfidh tú íoc ar a son. Is féidir araid múirín a cheannach ó d'Ionad Seirbhísí Pobail áitiúil.

Déan múirín de na rudaí seo a leanas

- Arán
- Caife
- Blaoscanna uibhe
- Craicne agus croíthe torthaí
- Málaí agus duilleoga tae
- Glasraí, scríobóga agus stumpaí glasraí
- Gearrthóga féir agus fáil
- Gearrthóga crainn
- Cairtchlár mionstiallta
- Páipéar

Ná déan múirín de na rudaí seo a leanas

- feoil
- táirgí déiríochta

Cuir i gcás nach dtig liom dul a fhad leis na hionaid athchúrsála?

Ba cheart go mbeadh do bhailitheoir dramhaíola in ann mórán earraí tirime in-athchúrsáilte a bhailiú. Orthu seo tá rudaí amhail páipéar, cairtchlár, ábhar plaisteach, alúmanam agus cannaí cruach.

Thig le do bhailitheoir dramhaíola canna athchúrsála nó málaí athchúrsála réamhíoctha a thabhairt duit. Inseoidh siad duit fosta cad iad na hearraí a bhfuil cead agat agus nach bhfuil cead agat a gcur i do bhosca athchúrsála.

4: Do Phobal

Cad é mar a thig liom páirt a ghlacadh i mo chumann áitritheoirí?

Nuair a bhogann tú isteach in eastát, déantar ball den pobal díot. Tá cumainn áitritheoirí ag mórán éastát nó ceantar agus molaimid duit bheith rannpháirteach i do chumann féin. Mura bhfuil aon chumann áitritheoirí i do cheantar, is féidir linn cuidiú leat ceann a bhunú.

Cad é a bhíonn ar siúl ag cumainn áitritheoirí?

Tugann cumainn áitritheoirí aire do limistéir choiteanna in eastáit. Orthu seo bheadh spásanna glasa, sconsaí agus ballaí. Mar shampla, seans go n-aontóidh daoine i d'eastát go dteastaíonn áit súgartha.

I roinnt cásanna, thig linn cuidiú le do chumann áitritheoirí do cheantar agus d'eastát a chothabháil agus a fheabhsú.

Gach bliain, bíonn **Comórtas na nEastát is Feistiúla** againn. Faigheann na heastáit a bhaineann suim airgid mar chuid den duais.

Cad é mar a thig liom cuidiú a fháil má bhíonn fadhbanna ann a chóir mo bhaile?

Seans go bhfulaingeoidh tú **iompar frithshóisialta** ar uairibh a chóir do bhaile. Is é atá i gceist le hiompar frithshóisialta ná iompar a chuireann crá, eagla nó imeagla ort. Seans go gcruthóidh sé deacrachtaí duit mothú slán i do bhaile féin.

Má bhagraíonn nó má chiapann duine nó daoine taobh amuigh de do bhaile thú nó má chuireann siad imeagla ort, sin iompar frithshóisialta. Má tharlaíonn sé uair amháin go díreach, ní mheastar ina iompar frithshóisialta é.

D'fheadfaí nó ní fhéadfaí callán, bruscar agus deacrachtaí le madraí a mheas mar iompar frithshóisialta. Mar sin féin, tá sé scríofa i

gcomhaontuithe tionóntachta nár cheart go gcuirfeadh tionóntaithe isteach ar a gcomharsana ná olc a chur orthu, agus go gcaithfear trup a choinneáil íseal idir 9.00pm agus 8.00am. Má shíleann tú go bhfuil fadhb ann, gabh i dteagmháil leis an Rannóg Tithíochta i d'Ionad Seirbhísí Pobail áitiúil le plé a dhéanamh faoi.

Cad é mar a thig liom gearán a dhéanamh?

Má shocraíonn tú gearán a dhéanamh faoi fhadhb a chóir do bhaile, caithfidh tú ár bhfoirm ghearáin chaighdeánach a chomhlánú. Cuir iad seo san áireamh ar an fhoirm:

- nádúr na faidhbe;
- ainm an duine is cúis leis an fhadhb;
- d'ainm, agus;
- do mhionsonraí teagmhála.

Faoi rún atá do ghearán. Ciallaíonn sé seo nach n-inseoidh tú do dhuine ar bith go ndearna tú gearán.

Le foirm ghearáin chaighdeánach a fháil, gabh i dteagmháil leis an Rannóg Tithíochta i d'Ionad Seirbhísí Pobail áitiúil.

Cad é a dhéanfas an Chomhairle má dhéanaim gearán?

Táimid ag obair le hiompar frithshóisialta ar bith in ár n-eastáit thithíochta a chosc agus a dhíbirt.

Fiosróimid do ghearán agus féachfaimid le deireadh a chur leis an fhadhb. Má bhíonn orainn, oibreoimid go dlúth le gníomhaireachtaí eile amhail an Garda Síochána agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Tá roinnt gearán nach mbeimid ag déileáil leo. Orthu sin tá siad seo:

- gearáin faoi pháistí gan stiúir;
- easaontuithe idir comharsana, ar a n-áirítear roinnt gearán faoi challán, agus
- easaontuithe agus troideanna idir páistí

5: Do Shábháilteacht

Ag déileáil le dóiteán

Is é an bealach is sábháilte le déileáil le dóiteán ná é a chosc.

- Cuir isteach aláraim thoite agus seiceáil go rialta iad
- Cuir sciath thine os comhair tine oscailte i gcónaí.
- Lean na treoracha d'fhearais leictreacha
- Ná rólódáil soicéid leictreacha
- Cuir de fearais nach bhfuil in úsáid agat;
- Glan do shimléar gach bliain.

Má bhíonn dóiteán i do bhaile, faigh gach duine amach as an fhoirgneamh **ar dtús** agus **ansin** cuir scairt ar an bhriogáid dóiteáin

Ag déileáil le bolaithe gáis

Caithfidh tú gníomhú má shíleann tú go bhfaigheann tú boladh gáis.

- Cuir de an soláthar gáis ag an mhéadar;
- Oscail doirse agus fuinneoga le fáil réidh leis an ghás;
- Ná húsáid gutháin phóca;
- Ná cuir de ná ar, lasca leictreachais
- Ná caith toit
- Ná húsáid lasair gan chosaint.

Má shíleann tú go bhfuil gás ag sceitheadh, cuir scairt láithreach ar Gas Networks Ireland.

Fadhbanna leictreachais a chosc

Caithfidh tú cead a fháil uainn sula ndéanfaidh tú aon athrú ar na feistis leictreacha i do bhaile. I measc feistis leictreacha tá lasca, soicéid, feistis solais agus cithfholcadáin. Conraitheoir deimhnithe leictreachais a chaithfeas an obair uilig ar an leictreachas sa teach a dhéanamh.

Más maith leat tuilleadh eolais a fháil faoi shábháilteacht le leictreachas i do bhaile, íoslódáil *The Safe Use of Electricity in the Home* ón suíomh gréasáin www.esb.ie/esbnetworks

Nimhiú ó aonocsaíd charbóin a chosc

Gás iontach contúirteach í aonocsaíd charbóin. Ní fheicfidh tú í agus ní bhfaighidh tú a boladh. Is minic a ghlaoitear 'an marfóir ciúin' uirthi.

Fearais lochtacha téite a ndóitear breoslaí iontaise iontu a ghineann aonocsaíd charbóin. Móin, gual, ola agus gás atá i gceist le breoslaí iontaise.

Déan iad seo a leanas le nimhiú ó aonocsaíd charbóin a chosc.

- Ná blocáil gaothairí aeir, múcháin nó simléir;
- Glan agus deisigh na fearais théite go rialta. Déantar seirbhís orthu gach bliain;
- Glan múcháin go rialta;
- Má bhíonn tú ag cur isteach sorn gháis nó fearais théite, déan cinnte go ndéanann daoine atá cáilithe mar is ceart an obair.

Gabh chuig www.carbonmonoxide.ie i gcomhair tuilleadh eolais.

6: Scéimeanna a Chuideoidh Leat do Bhaile a Cheannach

Más tionónta Comhairle thú, seans go dtig leat do bhaile a cheannach uainn.

Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí

Cuidíonn an Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí le mórán tionóntaí Comhairle a mbaile a cheannach uainn.

Tá roinnt cineálacha tí **nach bhfuil** ar fáil le ceannach

- Árasáin
- Aonaid dhá urlár
- Tithe a tógadh go sainiúil do sheandaoine

Ní thig leat do bhaile a cheannach más cuid den Scéim Léasúcháin Fhadtéarmach nó den Scéim um Chóiríocht ar Cíos é.

Más maith leat tuilleadh eolais a fháil faoi cé acu thig nó nach dtig leat do bhaile a cheannach faoin Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí, gabh i dteagmháil le d'Ionad Seirbhísí Pobail áitiúil.

Scéim Liúntais Mhorgáiste

Cuidíonn an Scéim Liúntais Mhorgáiste le daoine i dtithe de chuid na Comhairle ar mhaith leo teach príobháideach a thógáil nó a cheannach – is é sin, teach nach leis an Chomhairle é.

Laghdaíonn an scéim d'aisíocaíochtaí morgáiste thar na chéad chúig bliana de do mhorgáiste.
Le leas a bhaint as an scéim seo, caithfidh tú iarratas a chur chugainn. Measfaimid an cás lena fháil amach cé acu a cháilíonn tú nó nach gcáilíonn tú don scéim seo. Má ghlacann tú páirt sa scéim seo:

- nuair a bhogfas tú amach as do bhaile Comhairle, caithfidh sé bail mhaith a bheith air, sa dóigh is go dtig le duine eile bogadh isteach
- caithfidh tú gan riaráiste cíosa a bheith amuigh ort, agus
- íocfaidh an Roinn Timpeallachta, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil do liúntas morgáiste go díreach leis an phríomhghníomhaireacht nó leis an bhanc a thugann duit do mhorgáiste.

Lena fháil amach cé acu a cháilíonn nó nach gcáilíonn tú don Scéim Liúntais Mhorgáiste, gabh i dteagmháil le d'Ionad Seirbhísí Pobail áitiúil.

Scéim Cheannaigh Incrimintigh

Seans go mbeadh tithe nuathógtha na Comhairle ar fáil le ceannach faoin Scéim Cheannaigh Incrimintigh. Lena fháil amach cé acu a thig nó nach dtig leat do theach a cheannach faoin scéim seo, gabh i dteagmháil le d'Ionad Seirbhísí Pobail áitiúil.

7: Cad é mar a Thig Leat Dul i dTeagmháil Linn?

Guthán: (074) 915 3900

Facebook

Rphost: info@donegalcoco.ie

Twitter

An Gréasán:
www.donegalcoco.ie

Uaireanta Oscailte na hOifige

Luan go Déardaoin	9.00am go dtí 12.30pm 1.00pm go dtí 5.00pm
Aoine	9.00am go dtí 12.30pm 1.00pm go dtí 4.30pm

Uaireanta Oscailte Oifig an Airgid

Luan go Déardaoin	9.00am go dtí 12.30pm 1.00pm go dtí 4.30pm
Aoine	9.00am go dtí 12.30pm 1.00pm go dtí 4.00pm

Uaireanta Oscailte don Cháin Mhótair

Luan go hAoine	9.15am go dtí 12.15pm
	1.15pm go dtí 3.00pm

Ionaid Seirbhísí Pobail

Uimhir fóin do gach oifig: (074) 915 3900

- Ionad Seirbhísí Pobail Leitir Ceanainn, Bóthar Uí Bhléine, Leitir Ceanainn.
- Ionad Seirbhísí Pobail Bhaile na nGallóglach, An Phríomhshráid, Baile na nGallóglach.
- Ionad Seirbhísí Pobail Charn Domhnaigh, Bóthar Mhálainne, Carn Domhnaigh.
- Ionad Seirbhísí Pobail An Chlocháin Léith, Bóthar Ghaoth Dobhair, An Clochán Liath.
- Ionad Seirbhísí Pobail Bhaile Dhún na nGall, Droim Lonachair, Baile Dhún nan Gall.
- Ceantar Bardais Shrath an Urláir, Teach an Chontae, Leifear.

Uimhreacha éigeandála Lasmuigh de Ghnáthuaireanta

Éigeandálaí uisce	1890 278 278
Éigeandálaí bóithre	(074) 917 2288
Rphost Éigeandálaí bóithre	dccroads@gmail.com

Le d'eolas ar choinníollacha bóthair a chur cothrom le dáta, tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin aimsire:

www.donegalcocowinterweather.ie

Uimhreacha eile a d'fhéadfadh bheith de dhíobháil ort

Oifigigh Leasa Pobail

Leitir Ceanainn	(074) 91 94 930
Baile na nGallóglach	(074) 91 63 446
Carn Domhnaigh	(074) 93 29 284
An Clochán Liath	(074) 95 59 206
Baile Dhún na nGall	(074) 97 244 85
Béal Átha Seanaigh	(071) 98 52418
Bealach Féich	(074) 91 31 154
Leifear	(074) 91 41 691

Seirbhís Leabharlainne

Tá ionaid leabharlainne, mionsonraí teagmhála agus uaireanta oscailte le fáil ag www.donegallibrary.ie

Seirbhísí atá á soláthar ag eagraíochtaí eile

Seirbhísí	**Guthán**	**Suíomhanna gréasáin**
Seirbhísí éigeandála	999 or 112	
Líne rúnda an Gharda Síochána	1800 666 111	
NowDoc	1850 400 911	
Ospidéal na hOllscoile, Leitir Ceanainn	(074) 91 25 888	
Ospidéal na hOllscoile, Sligeach	(071) 91 71 111	
Póna madraí/Maor Madraí	(074) 91 25 159	
Maor Madraí	(074) 91 25 159	
Éigeandálaí leictreachais	1850 372 999	
Éigeandáil gháis	1850 20 50 50	www.gasnetworksireland.ie
Eolas do Shaoránaigh	1890 777 121	www.citizensinformation.ie
Seirbhísí Buiséadta agus Chomhairle Airgid (MABS)	1890 283 438	www.mabs.ie